



CULTÚRLANN
M^{ADAM} Ó FIAICH

IMBOLC

ÁIS FHOGHLAMA

FÁILTE!

Fáilte romhaibh chuig an acmhainn speisialta seo do theaghlaigh bunaithe ar an fhéile Imbolc. Tá an acmhainn seo lán le gníomhaíochtaí don teaghlach ar fad agus tá scéal speisialta faoi Imbolc inti fosta. Titeann Imbolc amach leath bealaigh idir grianstad an gheimhridh agus cónacht an earraigh. Déanann an fhéile ceiliúradh ar theacht an earraigh. San acmhainn seo, beidh tú ag foghlaim faoi Imbolc agus cuid de na cleachtais a bhíodh ann in Éirinn fadó trí ghníomhaíochtaí praiticiúla agus eile. Beidh go leor sult agat agus tú ag dul do na gníomhaíochtaí. Beidh an acmhainn seo faisnéiseach agus oideachasúil le gníomhaíochtaí bunaithe ar Churaclam na Bunscoile ón Bhonnchéim go dtí Eochairchéimeanna 1&2 lena n-áirítear:

NA HEALAÍONA
AN DOMHAN THART ORAINN
TEANGA & LITRÍOCHT
FORBAIRT PHEARSANTA AGUS COMHTHUISCINT
CORPOIDEACHAS AGUS GLUAISEACHT
SCILEANNA SMAOINTEOIREACHTA AGUS ÁBALTACHTAÍ
PEARSANTA
CUMARSÁID

CLÁR:

SCÉAL IMBOLC..... LCH 1

Gníomhaíocht 1:

CROSÓG BHRÍDE LCH 2

Gníomhaíocht 2:

AISTRIÚ NA SÉASÚR LCH 3

Gníomhaíocht 3:

MÁILÍNÍ TAIBHRIMH LCH 4

Gníomhaíocht 4:

LÓCHRAINN BHLÁTHA BHRÚITE LCH 5



Scéal IMBOLC

Seo chugaibh scéal speisialta faoi dhraíocht na féile Imbolc....

Preabann an talamh ar ais chun beatha gach bliain agus nach deas an rud é? Seo chugainn IMBOLC.

Músclaíonn na síoga i ndiaidh codladh fada agus tosaíonn siad ag glanadh a gcluas amach le go dtig leo éisteacht le ceol binn na n-éan. Is mar gheall air seo go mbíonn coinne dearga againn. Bíonn na héin ag canadh 'Óró Sé Do Bheatha Abhaile', an t-amhrán is fearr leis na síoga. Tagann Banríon na Síóg, Bríd, amach le ceiliúradh a dhéanamh agus déanann sí crosóga as na luachra, cosúil le búmarang, le caitheamh ar lucht an Bhéarla. "Cac na spéire oraibh!" a scairteann sí gach bliain, rud a chuireann na hainmhithe uilig ag gáire.





Scéal IMBOLC


Is mar gheall ar an gháire seo go dtosaíonn na bláthanna agus na crainn ag bláthú arís.

Deir Bríd ansin, “Is mise Bríd, oibrím le crosóga”. Sin as a dtagann an t-ainm IMBOLC.

Bíonn ádh mór ar gach duine a dhéanann crosóg Bhríde agus maireann an t-ádh sin ar feadh bliana.

Tagann IMBOLC leath bealaigh idir Grianstad an Gheimhridh agus Cónocht an Earraigh. Am draíochta atá ann do mhuintir na hÉireann nó glanann siad a dtithe amach agus athraíonn siad a gcuid fobhrístí. Úsáideann na síoga na fobhrístí seo le tinte chnámha a bheith acu le fáilte a chur roimh an saol nua uilig atá le teacht. Imíonn an dorchadas ón spéir mar gheall ar an bholadh agus bíonn na laethanta níos gile. (Téann an dorchadas i bhfolach i gCnoc an Anfa/Stormont.)





Scéal IMBOLC

Scairteann Rí na Sióg le háthas - “Níl aon tóin tinn mar do thóin tinn féin” mar go bhfuil an geimhreamh imithe agus tagann gach sióg in Éirinn le chéile agus ligeann siad broim mhór le chéile. Bíonn draíocht ar leith sa ghás seo a chuidíonn leis na torthaí, glasraí agus cnónna bheith ag fás.

De réir na Seanscéalta Sí, má théann tú ag siúl fríd an nádúr ar an lá seo beidh saol galánta Gaelach agat. Creidim féin seo go daingean, mar gur tharla sé domsa. Nuair a chreideann tú sna sióga, creideann na sióga ionatsa. Creidimse féin ionat. Creid ionat féin.

Le J.J Ó Dochartaigh





GNÍOMHAÍOCHT 1:

Crosóga Bhríde

Sprioc: Ár scileanna cruthaitheacha agus comhordaithe a fhorbairt,
Ag foghlaim faoin domhain thart orainn, ag foghlaim faoi chultúr agus
traidisiún na hÉireann.

Am: 10 Bom.

Tá na crosóga seo ar dóigh le ceiliúradh a dhéanamh ar an fhéile
Imbolc. Is féidir iad a dhéanamh ildaite nó le dath amháin – cibé dóigh
ar mhian leat. Maisigh an teach leo agus bígí Gaelach le linn Imbolc!

Earraí: 9 réiteoir píopa

Modh:



1. Faigh ocht réiteoir píopa agus fill ina dhá leath iad.



2. Comhcheangail dhá réiteoir píopa le chéile.



3. Ceangail réiteoir píopa eile thairis seo ar dhronuillinn.



4. Déan seo arís ar an taobh eile.



5. Anois, cuir an chéad réiteoir píopa eile thar an réiteoir dheireanach ar cheangail muid.



6. Déan seo trí huaire eile ar na gais ar fad.


Modh:



7. Glac an réiteoir píopa breise nár fhill muid agus gearr ina cheithre chuid é.



8. Cas na ceathrúna seo thart ar bharr gach gas den chrosóg agus gearr na deirí.



9. Tá an chrosóg críochnaithe agat anois agus is féidir í a úsáid don fhéile Imbolc!



GNÍOMHAÍOCHT 2:

Aistriú na Séasúr

Sprioc: Ár scileanna cruthaitheacha a úsáid, ár scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt, a bheith airdeallach ar an dúlra, a bheith ag foghlaim faoin domhan thart orainn.

Am: 10 Bom+

Sa ghníomhaíocht seo, beimid ag dul taobh amuigh agus ag scríobh faoin dúlra. Is tús traidisiúnta an earraigh é Imbolc in Éirinn. Ciallaíonn sé sin go mbeidh go leor athruithe ag teacht ar an domhan thart orainn agus muid ag aistriú ón gheimhreadh go dtí an t-earrach. Scríobh faoi na hathruithe a fheiceann tú!





Aistriú na Séasúr

1. Faigh peann agus páipéar.
2. Téigh amach agus amharc thart ar an teach. Déan do mhachnamh ar an chuma atá ar na crainn agus ar na plandaí thart air. Scríobh faoi dhath na rudaí seo agus bí chomh beacht agus is féidir leis an chur síos a dhéanann tú orthu.
3. Amharc ar dhath na spéire agus líon na scamall inti. Scríobh faoi seo ar fad.
4. An bhfuil sneachta ar bith ag titim? Nó an bhfuil sneachta ar an talamh ag leá? Bí airdeallach ar an dúlra ar fad thart ort! An bhfuil rud ar bith ann difriúil ón lá roimhe?
5. Scríobh faoi achan rud a fheiceann tú.
6. Más féidir – déan é seo ar fad arís cúpla lá eile. Breac síos nótaí ar na hathruithe a tháinig ar an dúlra thar an tréimhse ama seo. Coinnigh tuairisc ar athruithe na séasúr agus scríobh síos na rudaí is fearr leat faoi athruithe an earraigh!

GNÍOMHAÍOCHT 3:

Máilíní Taibhrimh

Sprioc: Ár scileanna cruthaitheacha a fhorbairt, ag foghlaim faoin domhan thart orainn, ag foghlaim faoin stair.

Am: 10 Bom.

Fadó, úsáideadh máilíní taibhrimh go rialta le cuidiú leis an neamhchodladh. Bhí siad déanta de luibheanna agus spíosraí éagsúla a chuidigh le drochbhrionglóidí a sheachaint, imní a laghdú, agus suaimhneas a thabhairt do d'intinn. Déan máilín s'agat féin don fhéile Imbolc agus bíodh brionglóidí sona sásta agat!

Earraí:

Máilín beag

Labhandar – cuidíonn seo

leat do scíth a ligint agus

feabhsaíonn sé tinneas cinn

Peitil róis – spreagann seo

mothúcháin de ghrá

Fíogadán – cuidíonn seo le

drochbhrionglóidí a sheachaint

Lus na meala líomóide – laghdaíonn seo imní
agus an neamhchodladh

Lus an phiobair – méadaíonn seo soiléireacht
bhrionglóidí

Marós – spreagann seo codladh trom



Modh:

- 1. Faigh an labhandar agus cuir i leabhar é. Druid an leabhar agus brúigh síos air chomh láidir agus is féidir! Ba cheart go mbeadh an labhandar réidh agus beag anois.**
- 2. Déan seo leis na luibheanna ar fad go dtí go bhfuil siad réidh.**
- 3. Anois cuir sa mháilín bheag iad agus croch in aice do leapa é.**
- 4. Cuideoidh an máilín taibhrimh le do chodladh, do bhrionglóidí, agus le d'intinn!**



GNÍOMHAÍOCHT 4:

LÓCHRAINN BHLÁTHA BHRÚITE

Sprioc: a bheith cruthaitheach lenár maisiúcháin, ár scileanna ealaíne agus comhordaithe a fhorbairt, a bheith meabhrach ar an domhan agus an dúlra thart orainn.

Am: 1 uair a' chloig+

Le deireadh a chur leis an fhéile Imbolc, is féidir na lóchrainn seo a chruthú le do theaghlach nó le do chairde. Cuir thart ar do theach iad nó sa ghairdín agus féach ar an solas a lonrú iontu.



Earraí:

Páipéar síoda bán

Glae PVA

Uisce

Bláthanna (fíor nó bréagach)

Balún

Scuab phéinteála

Gleorán (nó próca leis an lóchrann a chur ann go dtriomaí an glae)

Taechoinneal (?) bhréagach



MODH:

1. Má tá fíor-bhláthanna in úsáid agat, cuir i leabhar iad. Druid an leabhar agus brúigh síos go láidir orthu go dtí go bhfuil siad réidh. Mura bhfuil sé seo indéanta agat, is féidir bláthanna bréagacha brúite a cheannach ar líne.
2. Cuir giota uisce tríd an ghlae PVA i mbabhla agus séid an balún.
3. Ná bain úsáid as an uisce ach amháin leis an chéad bhrat de pháipéar síoda a chur ar an bhalún. Clúdaigh an balún ar fad leis seachas an bun.
4. Cuir an meascán de ghlae agus uisce thar an pháipéar agus cuir tús leis an chéad bhrat eile a chur air. Is féidir tús a chur le bláthanna a chur air anois nó is féidir fanacht go dtí an deireadh.
5. Déan céim 4 arís agus an uair seo, cuir na bláthanna air (má tá cuid ar bith fágtha). Clúdaigh é seo leis an mheascán de ghlae agus uisce arís.



MODH:

6. Cuir bun an bhalúin sa ghleorán agus lig dó triomú. Tógfaidh seo tamall measartha fada. Bí foighneach!
7. Déan cinnte de go bhfuil an balún go hiomlán tirim. Bain ón ghleorán agus pléasc é!
8. Déan bun an lóchrainn (bhíodh seo barr an bhalúin) cothrom ionas go suíonn sé mar is ceart.
9. Cuir an taechoinneal bhréagach ann.
10. Múch na soilse agus cuir sa ghairdín san oíche í agus féach uirthi ag lonrú!



Tá súil againn gur bhain tú sult as na gníomhaíochta seo. Is féidir cuid acu a dhéanamh le do theaghlach nó le cairde agus is féidir cuid acu a dhéanamh leat féin. Bain úsáid as an acmhainn seo ar an dóigh is oiriúnaí duit féin. Tá sé seo ann mar uirlis duit don saol mór. Bí ag roinnt na ngníomhaíochtaí le daoine eile le cuidiú leofa chomh maith agus má tá tú ag glacadh páirte, cuir in iúl dúinn le grianghraif, físeáin, nó scéalta suimiúla ar bith ag sinead@culturlann.ie.

Bain sult agus tabhair aire!

CULTÚRLANN

M^ˆADAM Ó FIAICH



Comhairle Chathair
Bheal Feirste

